Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14283/23

LIMITE

UD 229
POLCOM 242

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0360(NLE)

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 589 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar an gCoinbhinsiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 589 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 589 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 16.10.2023
COM(2023) 589 final

2023/0360 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar an gCoinbhinsiún**

GA

GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Tá sé beartaithe ag Comhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (‘Comhchoiste UEM’) cinneadh a ghlacadh chun an Coinbhinsiún a leasú. Baineann an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara[1] leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha.

Le córas an charntha tionscnaimh uile-Eora-Mheánmhara , is féidir carnadh trasnánach a chur i bhfeidhm idir 25 Pháirtí Chonarthacha an Choinbhinsiúin: an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis, an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Phalaistín[2], an tSiria, an Túinéis, An Tuirc, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia, an Chosaiv[*], Oileáin Fharó, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin. Leagtar síos leis creat iltaobhach rialacha tionscnaimh do líonra comhaontuithe saorthrádála agus tá feidhm aige gan dochar do na prionsabail atá leagtha síos sna comhaontuithe sin. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

### 2.2. Comhchoiste UEM

Comhchoiste UEM arna bhunú le hAirteagal 3(1) den Choinbhinsiún, glacann sé le leasuithe ar an gCoinbhinsiún agus ar na foscríbhinní a ghabhann leis, riarann sé é agus áirithíonn sé cur chun feidhme cuí an Choinbhinsiúin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún. I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialacha Nós Imeachta Chomhchoiste UEM, glactar cinntí an Chomhchoiste trí vóta d’aon toil ag na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ina leith, atá i láthair nó a ndéantar ionadaíocht thar a gceann ag cruinniú Chomhchoiste UEM.

Tá cearta vótála ag na Páirtithe Conarthacha a bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ina leith. Tá vóta amháin ag gach Páirtí Conarthach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag Comhchoiste UEM

Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an Coinbhinsiún a leasú in 2012 agus rinneadh é ag cruinniú Mheitheal UEM dhá uair sa bhliain ar a laghad. Le linn an phróisis sin, bhí na Ballstáit rannpháirteach go rialta trí fhóraim éagsúla (an Grúpa Saineolaithe Custaim – an Rannóg Tionscnaimh, Meitheal na Comhairle um an Aontas Custaim, an Coiste um an mBeartas Trádála).

[1] IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.

[2] Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

[*] Tá an t- ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.



PUBLIC

Leis an ngníomh atá beartaithe, tabharfar an t-athbhreithniú ar rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún UEM chun críche. Tar éis an chéad iarracht le linn an 9ú cruinniú de Chomhchoiste UEM an 27 Samhain 2019, chinn sé vóta a chur siar chun aontoilíocht a fháil ag céim níos déanaí i bhfianaise na n-amhras a chuir roinnt de na Páirtithe Conarthacha in iúl. Leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar na hamhrais sin ar bhonn déthaobhach agus tiocfaidh sé ar chomhaontú sula dtiocfaidh an Coinbhinsiún athbhreithnithe i bhfeidhm. Tá na forchoimeádais sin bunaithe ar an bhféidearthacht leas a bhaint as roinnt maoluithe teoranta ó na rialacha tionscnaimh.

PUBLIC

Ag an am céanna, thug Páirtithe Conarthacha eile UEM ábhar an athbhreithnithe ar na rialacha tionscnaimh isteach ina bprótacail dhéthaobhacha maidir le rialacha tionscnaimh ar bhonn idirthréimhseach, agus iad ag fanacht le rialacha tionscnaimh nua Choinbhinsiún UEM a ghlacadh.

Le linn an 15ú cruinniú de Chomhchoiste UEM an 29 Samhain 2023, tá sé le cinneadh a ghlacadh maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é is cuspóir don ghníomh atá beartaithe na rialacha tionscnaimh a leasú chun freagairt níos fearr don fhíorchás eacnamaíoch. An gníomh atá beartaithe, beidh sé ina cheangal ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de IHR (2005), agus sonraítear an méid seo a leanas ann: 'Glacfaidh an Comhchoiste, trí chinneadh, leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo, lena n-áirítear leasuithe ar na Foscríbhinní'. Ina theannta sin, sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 4(3)(a), an abairt dheireanach: 'Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cinntí dá dtagraítear sa mhír seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena reachtaíocht féin.'

Ba cheart na leasuithe ar an gCoinbhinsiún a theacht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis na leasuithe atá beartaithe ar an gCoinbhinsiún, foráiltear do sholúbthachtaí breise agus do ghnéithe den nuachóiriú. Tá na leasuithe sin comhsheasmhach leis na leasuithe sin a chomhaontaigh an tAontas cheana féin i gcomhaontuithe saorthrádála eile a rinneadh le déanaí (an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Nua-Shéalainn, an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice agus an tAontas Eorpach nó scéimeanna fabhracha (GSP)). Is éard atá i gceist leis na feabhsuithe rialacha níos solúbtha, níos nuashonraithe agus níos simplithe a thabhairt isteach, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do thionscal an Aontais na ceanglais maidir le tionscnamh a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, feabhas a chur ar a n-iomaíochas onnmhairiúcháin. Ní athraíonn an téacs leasaithe forálacha institiúideacha an Choinbhinsiúin reatha.

### 3.1. Sonraí na rialacha leasaithe tionscnaimh

(a) Na maoluithe

Leis an gCoinbhinsiún leasaithe códaítear agus tugtar isteach níos mó trédhearcachta sa chleachtas reatha faoinar féidir le Páirtithe Conarthacha teacht ar chomhaontú déthaobhach maidir le rialacha lena maolaítear ar rialacha comhchoiteanna an Choinbhinsiúin, trína cheangal go dtabharfar fógra faoi mhaoluithe den sórt sin (mír 3 d'Airteagal 1 nua de Choinbhinsiún athbhreithnithe UEM). D'fhanfadh na maoluithe atá ann cheana i bhfeidhm agus ní dhéanfadh an oibleagáid fógra a thabhairt (mír 2 nua d'Airteagal 1 de Choinbhinsiún athbhreithnithe UEM) difear dóibh.

(b) Táirgí a fhaightear go hiomlán - coinníollacha maidir le 'soithí'

Na coinníollacha maidir le 'soithí' atá sa tacar rialacha leasaithe, tá siad níos simplí agus tugtar níos mó solúbthachta leo (Airteagal 3, mír 2). I gcomparáid leis an téacs atá ann faoi láthair, scriosadh coinníollacha áirithe (i.e. ceanglais shonracha maidir le criú) agus leasaíodh coinníollacha eile chun foráil a dhéanamh do mhaolú breise (i.e. úinéireacht).

(c) Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – bonn meánach

Leis an tacar rialacha leasaithe, tugtar solúbthacht don onnmhaireoir údarú a iarraidh ar na húdaráis chustaim chun an praghas díreach ón monarcha atá ar tháirge agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh úsáidtear ar bhonn meánach a ríomh chun luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh (Airteagal 4, míreanna 3-6). Leis sin ba cheart gur mhó an méid intuarthachta a bheadh ann d'onnmhaireoirí.

(d) Lamháltas

An lamháltas atá ann faoi láthair, tá sé socraithe ag luach 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha (Airteagal 5).

Leis an téacs atá beartaithe, déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de ghlanmheáchan an táirge i gcás táirgí talmhaíochta, agus déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de luach phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí tionsclaíochta (Airteagal 5).

Tugtar isteach critéar is oibiachtúla leis an lamháltas meáchain agus le tairseach 15 % ba cheart go mbeadh leibhéal leordhóthanach trócaire ann. Áirithítear freisin leis an lamháltas meáchain nach mbeidh tionchar ag an luaineacht i bpraghsanna idirnáisiúnta na dtráchtearraí ar thionscnamh na dtáirgí talmhaíochta.

(e) Carnadh

Leis an téacs atá beartaithe (Airteagal 7) coinnítear an carnadh trasnánach atá ann cheana maidir le hábhair thionscnaimh i gcás na dtáirgí uile.

Ina theannta sin, déantar foráil maidir le carnadh trasnánach iomlán ginearálaithe le haghaidh gach táirge seachas teicstílí agus éadaí i gCaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe (CC).

I gcás na dtáirgí i gCaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe, ní fhoráiltear sa téacs atá beartaithe ach do charnadh iomlán déthaobhach. Ar deireadh, beidh an rogha ag Páirtithe Conarthacha teacht ar chomhaontú maidir leis an gcarnadh trasnánach iomlán ginearálaithe a leathnú chuig táirgí atá faoi Chaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe.

(f) Deighilt chuntasaíochta

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 20), féadfaidh na húdaráis chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú 'i gcás ina mbíonn deacrachtaí suntasacha ó thaobh costais nó ábhair de chun stoic ar leithligh a choimeád'. Sonraítear leis an riail leasaithe (Airteagal 12) go bhféadfaidh údaráis chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú 'i gcás ina mbíonn ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh in úsáid'.

An t-onnmhaireoir a iarrann údarú ar dheighilt chuntasaíochta, ní bheidh air bonn cirt a thabhairt a thuilleadh go bhfuil costas suntasach ag baint le stoic ar leithligh a choinneáil nó go bhfuil deacrachtaí ábhartha ag baint le stoic ar leithligh a choinneáil; is leor a shonrú go bhfuil ábhair idirmhalartacha á n-úsáid.

Ní bheidh gá ann a thuilleadh stoic de shiúcra tionscnaimh agus neamhthionscnaimh a choinneáil scartha óna chéile, is cuma cé acu an ábhar nó táirge deiridh é an siúcra.

(g) Prionsabal an chríochachais

Leis na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 11), ceadaítear oibriú nó próiseáil áirithe a dhéanamh lasmuigh den chríoch, faoi choinníollacha áirithe, seachas táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe. An t-eisiamh maidir le teicstílí níl sé sna rialacha atá beartaithe (Airteagal 13) níos mó.

(h) Prionsabal na Neamhionramhála

Cuirtear prionsabal na neamhionramhála atá beartaithe (Airteagal 14) in ionad na bhforálacha maidir le hiompar díreach. Ceadaítear leis freisin níos mó trócaire maidir le gluaiseacht táirgí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha. Ba cheart go seachnófaí leis sin cásanna ina ndéantar táirgí, nach bhfuil aon amhras faoina stádas tionscnaimh, a eisiamh ón dleacht tosaíochta tráth a n-allmhairithe toisc nach gcomhlíontar ceanglais fhoirmiúla na forála maidir le hiompar díreach.

(i) Toirmeasc ar aisíocaíocht dleachtanna custaim nó ar dhíolúine uathu

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 14) tá feidhm ag prionsabal ginearálta an toirmisc ar aisíocaíocht dleachta custaim maidir le hábhair a úsáidtear chun aon táirge a mhonarú. Faoi na rialacha leasaithe (Airteagal 16) cuirtear deireadh leis an toirmeasc le haghaidh gach táirge, seachas ábhair a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a thagann faoi raon feidhme Chaibidlí 50 go 63 (teicstílí agus éadaí). Déantar foráil sa téacs, áfach, maidir le roinnt eisceachtaí ón toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta ar na táirgí sin.

(j) Cruthúnas tionscnaimh

Tugtar isteach leis na rialacha leasaithe (Airteagal 17, mír 1) cineál amháin cruthúnais tionscnaimh (EUR.1 nó dearbhú tionscnaimh), seachas an cur chuige dúbailte reatha EUR.1 agus EUR.MED. Simplíonn an méid sin an córas go mór. Ba cheart go gcuirfeadh sé feabhas freisin ar chomhlíonadh oibreoirí eacnamaíocha trí bhotúin a sheachaint mar gheall ar rialacha casta agus trí bhainistiú na n-údarás custaim a éascú. An tráth céanna, níor cheart go ndéanfadh sé difear don inniúlacht cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú, inniúlacht nach bhfuil aon athrú tagtha uirthi.

Áirítear sna rialacha leasaithe (Airteagal 17, mír 3) freisin rogha chun cur i bhfeidhm córais onnmhaireoirí cláraithe (REX) a chomhaontú. Is ar na honnmhaireoirí sin, a bheidh cláraithe i mbunachar sonraí coiteann, a bheidh an fhreagracht ráitis tionscnaimh a dhéanamh amach iad féin gan dul trí nós imeachta an onnmhaireora fhormheasta. Beidh an stádas dlí céanna ag an ráiteas tionscnaimh agus atá ag an dearbhú tionscnaimh nó ag an deimhniú gluaiseachta EUR.1. Foráiltear leis na rialacha leasaithe freisin go bhféadfar deimhnithe tionscnaimh arna n-eisiúint go leictreonach a chur i bhfeidhm amach anseo (Airteagal 17, mír 4).

(k) Bailíocht an chruthúnais tionscnaimh

Moltar tréimhse bhailíochta cruthúnais tionscnaimh a shíneadh ó 4 mhí go 10 mí (Airteagal 23). Ceadaítear leis freisin níos mó trócaire maidir le gluaiseacht táirgí tionscnaimh idir na Páirtithe.

## 3.2. Sonraí na rialacha liosta leasaithe

### *3.2.1. Táirgí talmhaíochta*

(a) Luach agus meáchan

Is i luach, agus i luach amháin, a sloinneadh teorainn na n-ábhar neamhthionscnaimh. Is i meáchan a shloinntear na tairseacha nua chun luaineacht i bpraghsanna agus san airgeadra a sheachaint (e.g. ex caibidlí 19, 20, 2105, 2106), agus scriostar teorainn áirithe le haghaidh siúcra neamhthionscnaimh (e.g. caibidil 8 nó Córas Comhchuibhithe 2202).

PUBLIC

Leis an tacar rialacha leasaithe, ardaítear tairseach mheáchan uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh (ó 20 % go 40 %) agus tugtar isteach i roinnt ceannteideal an fhéidearthacht go bhféadfaidh oibreoirí tairseacha luacha nó meáchain a roghnú. Go háirithe, is iad na caibidlí agus ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe lena mbaineann an t-athrú: ex-1302, 1704 (meáchan nó luach faoi riail mhalartach), 1806 (meáchan nó luach faoin riail mhalartach) agus 1901.

(b) Oiriúnú do phatrúin foinsithe

Cumhdaítear táirgí talmhaíochta eile (i.e. olaí glasraí, cnónna, tobac) le rialacha is solúbtha atá oiriúnaithe don fhíorchás eacnamaíoch, go háirithe i gcás Chaibidlí 14, 15, 20 (lena n-áirítear ceannteideal 2008), 23 agus 24 den Chóras Comhchuibhithe. Leis an tacar rialacha leasaithe baintear amach cothromaíocht idir an foinsiú réigiúnach agus an foinsiú domhanda (Caibidlí 9 agus 12 den Chóras Comhchuibhithe). Rinneadh simpliú ar rialacha freisin (laghdú ar na heisceachtaí) i gcaibidlí 4, 5, 6, 8, 11 agus ex-13 den Chóras Comhchuibhithe.

*3.2.2. Táirgí tionsclaíocha (seachas teicstílí)*

Tá athruithe suntasacha sa chomhréiteach atá beartaithe i gcomparáid le rialacha reatha UEM chun iad a ailíniú le Comhaontuithe Saorthrádála de chuid an Aontais a rinneadh le déanaí:

Tá coinníoll carnach dúbailte i riail na Caibidle atá ann faoi láthair maidir le roinnt táirgí. Déantar coinníoll amháin de sin (Caibidlí 74, 75, 76, 78 agus 79 den Chóras Comhchuibhithe);

Scriosadh líon mór rialacha sonracha ar maolú iad ón riail mar atá sa Chaibidil (Caibidlí 28, 35, 37, 38 agus 83 den Chóras Comhchuibhithe). Leis an gcur chuige is cothrománaí sin beidh lánléargas níos simplí ann d’oibreoirí agus do lucht custaim;

Rinneadh an chuid is mó de na rialacha níos solúbtha, rud a fhágann gur féidir ionchuir neamhthionscnaimh níos mó a dhéanamh chun léiriú a thabhairt ar na fíorchásanna eacnamaíocha nua agus ar chomhtháthú forásach thionscal thíortha UEM leis na slabhraí luacha domhanda, agus é á áirithiú an tráth céanna go ndéantar próiseáil shuntasach i limistéar UEM. Go ginearálta, i gcás táirgí tionsclaíocha, is féidir le monaróirí suas le 50 % d’ábhair neamhthionscnaimh a aimsiú anois, ar ábhair iad arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcomparáid leis an 25-40 % a cheadaítear faoin gCoinbhinsiún UEM atá ann faoi láthair. Maolaíodh tairseach na n-ábhar neamhthionscnaimh le haghaidh gluaisteán ó 40 % go 45 %.

Ina theannta sin, nuair ab ábhartha, cuireadh rialacha malartacha san áireamh, athrú ar riail aicmithe go ginearálta, agus, i gcás táirgí ceimiceacha, rialacha próiseála. Mar thoradh air sin, tugtar tionscnamh trí chritéar malartach amháin nó dhá chritéar mhalartacha nó níos mó a chomhlíonadh, rud a thugann níos mó roghanna don onnmhaireoir maidir le conas an critéar tionscnaimh a chomhlíonadh (Caibidlí 27, 28 go 40, 42, 44, 70 agus 83, 84 agus 85).

Mar thoradh ar na hathruithe sin uile tá liosta rialacha ann atá tugtha cothrom le dáta agus atá níos solúbtha, rud a éascóidh go ginearálta comhlíonadh na rialacha tionscnaimh d’oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Ina theannta sin, leis an bhféidearthacht thuasluaite chun bonn meánach a úsáid thar thréimhse ama, d’fhéadfaí tuilleadh simplithe a chur ar fáil d’onnmhaireoirí.

*3.2.3. Teicstílí*

I gcás teicstílí agus baill éadaigh, coimeádtar leis na rialacha nua na féidearthachtaí atá ann cheana chun stádas tionscnaimh a fháil, ach rinneadh iad a athdhréachtú chun oibríochtaí sonracha a léiriú. Tugadh isteach roghanna nua maidir le próiseáil amach agus lamháltais. Tugadh isteach próisis nua chomh maith chun stádas tionscnaimh a thabhairt i dtaca leis na

táirgí sin, go háirithe le haghaidh fabraic a mbeadh sé ag éirí níos fusa teacht uirthi. Ar deireadh, beidh feidhm ag carnadh déthaobhach iomlán maidir leis na táirgí sin. Leis an gcarnadh sin féadfar próiseáil arna déanamh ar ábhair theicstíle (i.e. fíodóireacht, sníomh etc.) a chur san áireamh sa phróiseas táirgeachta sa limistéar carntha.

**3.3 Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh na leasuithe ar an gCoinbhinsiún i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025 nó ar an dáta atá le comhaontú ag Comhchoiste UEM)

PUBLIC

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Cumhdaítear i gcoincheap na 'ngníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[3].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhchoiste UEM a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara.

Is ionann an gníomh a n-iarrtar ar Chomhchoiste UEM é a ghlacadh agus gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substainteach dlí

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is iad Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is iad Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE is ceart a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

PUBLIC

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá na leasuithe ar Choinbhinsiún UEM bunaithe ar phrionsabal nuachóirithe na rialacha tionscnaimh chun iad a ailíniú leis na treochtaí nua a leagadh síos sna comhaontuithe saorthrádála a rinneadh le déanaí. Is gnéithe de shimpliú na nósanna imeachta custaim agus gnéithe den nuachóiriú is mó atá sna rialacha leasaithe sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, mar atá:

- Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – bonn meánach ós rud é go ndéanfar praghas an phraghais díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánach agus luaineachtaí an mhargaidh á gcur san áireamh, beidh níos mó intuarthachta ag onnmhaireoirí;
- Cruthúnas tionscnaimh: déanfar é seo a shimpliú ós rud é nach n-úsáidfear ach aon chineál amháin deimhnithe tionscnaimh – EUR.1;
- Bailíocht cruthúnais tionscnaimh: leis sin, is féidir níos mó trócaire a bheith ann i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh, tríd an mbailíocht a mhéadú ó 4 mhí go 10 mí.

Na hathruithe sin ar Choinbhinsiún UEM, níl aon tionchar intomhaiste acu ar bhuiséad an Aontais ós rud é go mbaineann a raon feidhme go príomha le héascú na trádála agus comhdhlúthú cleachtas nua-aimseartha ag údaráis chustaim. Déantar foráil leo maidir le héascú roghnach i réimsí atá fós faoi inniúlacht na n-údarás gan tionchar a imirt ar shubstaint na rialacha (deighilt chuntasaíochta, cruthúnais ar thionscnamh, meánú). Foráiltear le gnéithe áirithe den simpliú (mar atá laghdú ar chritéir na soithí) d'intuarthacht níos fearr trí dheireadh a chur le coinníollacha atá deacair faoi láthair a rialú ag údaráis chustaim. Tagraíonn gnéithe eile, amhail prionsabal na neamhionramhála, do lóistíocht gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha.

Cé go leasaítear na forálacha maidir le haisíocaíocht dleachta, coinnítear ar bun an toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta san earnáil teicstílí agus éadaigh, atá fós ar cheann de na príomhearnálacha trádála i limistéar an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara. Déantar códú ar an *status quo* leis na rialacha leasaithe tríd an toirmeasc atá i bhfeidhm faoi láthair ag roinnt Páirtithe Conarthacha a choinneáil ar bun. Is é is aidhm don ghinearálú atá beartaithe ar charnadh iomlán i gcrios UEM na patrúin trádála atá ann cheana laistigh den chrios agus comhlántacht na bpatrún sin a neartú. Níor cheart, trína bhíthin, aon difear suntasach a dhéanamh do na dleachtanna custaim a bhailítear san Aontas ós rud é go mbeidh ar tháirgí atá faoi réir carnadh, go mbeidh orthu an ceanglas atá orthu féin maidir le breisluach sa limistéar a chomhlíonadh chun tairbhiú d'fhabhair, faoi mar atá sé faoi láthair.

Is modheolaíocht oiriúnaithe, go príomha, atá sna leasuithe ar na rialacha liosta in earnáil na n-earraí talmhaíochta agus na n-earraí talmhaíochta próiseáilte gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha. Is i meáchan a shloinnfear na tairseacha reatha agus ní i luach, faoi mar a shloinntear iad faoi láthair. Tá an critéar seo níos oibiachtúla agus níos éasca do na húdaráis chustaim a rialú. Simpliú na rialacha táirgeshonracha maidir le táirgí tionsclaíochta, ba cheart

nach mbeadh ach tionchar teoranta ag an simpliú sin ar ioncaim ó dhleacht chustaim. Tá sé sin amhlaidh toisc gur athruithe foinsithe, i gcuid mhaith cásanna, an toradh a bheidh orthu seachas méadú ar allmhairí fabhracha ó thíortha an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, rud a chuirfí in ionad allmhairí a bhí faoi réir dleachtanna allmhairiúcháin roimhe sin. Ní féidir, dá bhrí sin, tionchar na n-athruithe sin ar ioncam ó dhleacht allmhairiúcháin a chainníochtú.

Ó thaobh na trádála de agus ó thaobh thionchar na n-athruithe ar úsáid an chórais um fhabhair de, sna maoluithe a sholáthraítear sna rialacha nua leagtar béim ar an lánpháirtíocht eacnamaíoch sa limistéar iomlán, cuir i gcás san earnáil teicstílí ina bhfuil úsáid an chórais um fhabhair an-ard cheana féin. Na rialacha feabhsaithe maidir le teicstílí agus carnadh, tá siad beartaithe, go príomha, chun feabhas a chur ar an lánpháirtíocht réigiúnach atá ann cheana agus ar infhaighteacht na n-ábhar laistigh den limistéar, agus ní chun cead a thabhairt tuilleadh ábhair neamhthionscnaimh a allmhairiú ón taobh amuigh.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún le gníomh ón gComhchoiste UEM, is iomchuí é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a ghlactha.

PUBLIC

2023/0360 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara a mhéid a bhaineann le leasú ar an gCoinbhinsiún**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') i gcrích le Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012.

(2) Le córas an charntha tionscnaimh uile-Eora-Mheánmhara , is féidir carnadh trasnánach a chur i bhfeidhm idir 25 Pháirtí Chonarthacha an Choinbhinsiúin: an tAontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis, an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, an Phalaistín[2], an tSiria, an Túinéis, An Tuirc, an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia, an Chosaiv[*], Oileáin Fharó, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin.

(3) Beartaítear leis an gCoinbhinsiún go gcaithfear na rialacha tionscnaimh a leasú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar an bhfíorchás eacnamaíoch agus bunaítear nósanna imeachta dá leasú féin. I gcomhréir le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún, tá leasuithe ar an gCoinbhinsiún le glacadh le cinneadh ón gComhchoiste arna bhunú le hAirteagal 3(1) den Choinbhinsiún ('an Comhchoiste').

(4) Cuireadh tús leis an bpróiseas chun an Coinbhinsiún a leasú in 2012 agus bhí sraith nua rialacha tionscnaimh nuachóirithe agus níos solúbtha ann mar thoradh air, i gcomhréir leis na rialacha sin a chomhaontaigh an tAontas cheana féin i gcomhaontuithe áirithe eile a comhaontaíodh le déanaí (an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, an

[1] IO L 54, 26.2.2013, lgh. 3–158

[2] Ní dhéanfar an t-ainmniú seo a fhorléiriú mar aitheantas gur ann do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

[*] Tá an t- ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice) nó scéimeanna fabhracha (GSP).

(5) An 27 Samhain 2019, bhí an Coimisiún Eorpach, ag gníomhú dó mar Rúnaíocht Choinbhinsiún UEM, ina chathaoirleach ar an 9ú cruinniú de Chomhchoiste UEM chun cuireadh a thabhairt do na Páirtithe Conarthacha uile a seasamh a chur in iúl maidir le glacadh foirmiúil rialacha tionscnaimh athbhreithnithe Choinbhinsiún UEM. Mar sin féin, ní fhéadfaí na rialacha athbhreithnithe a ghlacadh sa Chomhchoiste i bhfianaise na bhforchoimeádas a chuir roinnt de na Páirtithe Conarthacha in iúl. An 14 Meitheamh 2023 ag an 14ú cruinniú de Chomhchoiste UEM, chuir na Páirtithe Conarthacha uile in iúl go dtacaíonn siad leis an bhforchoimeádas go mbeidh saincheisteanna déthaobhacha faoi réir plé teicniúil a bheidh le tabhairt chun críche sula dtiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm.

(6) Táthar ag súil go nglacfaidh an Comhchoiste Cinneadh maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún le linn an chruinnithe a bheidh aige an 29 Samhain 2023 nó ar dháta níos déanaí ná sin.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ina cheangal ar an Aontas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*